MAIDIR LE HIARRATAS CHUIG

AN mBORD PLEANÁLA

AR CHEADÚ (I) CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE DE BHUN ALT 51 D'ACHT NA mBÓITHRE 1993 (ARNA LEASÚ); (II) SCÉIM MÓTARBHEALAIGH CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018; agus (III) SCÉIM BÓTHAIR CHOSANTA CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018

Tag. ABP ABP-302848-18 agus ABP-302885-18

ÉISTEACHT Ó BHÉAL

RÁITEAS Fianaise

Freagairtí ar Agóid/Aighneachtaí

faoi Mheasúnacht Tionchair Teanga

le

**John Cronin BA MRUP MUBC**

**20 Feabhra 2020**

# 1 Cáilíochtaí agus Taithí

1.1 John Cronin is ainm dom agus oibrím le John Cronin & Associates. Tá céim sa tSeandálaíocht agus sa Tíreolaíocht agam (BA (Onóracha), Coláiste na hOllscoile Corcaigh, 1991) agus iarchéim sa Phleanáil Uirbeach agus Réigiúnach (MRUP, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, 1993). Tá speisialtacht agam sa bhainistíocht agus sa mheasúnacht oidhreachta cultúrtha. Tá Tomás Ó Caoimh, a rinne piarmheasúnú ar m'obair ar an tionscadal seo, ina iarchomhalta den Chomhairle Oidhreachta agus tá suim ar leith aige san oidhreacht pobail agus sa Ghaeilge. Ó 2006 i leith, tá cuid mhaith measúnachtaí tionchair teanga ullmhaithe ag John Cronin & Associates ar fhorbairtí éagsúla na hearnála príobháidí agus poiblí araon ar fud na hÉireann.

# 2 Ról san Fhorbairt Bóthair atá Beartaithe

2.1 Rinne mé an Mheasúnacht Tionchair Teanga don Ghaeilge ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus rinne mo chomhghleacaí, Tomás Ó Caoimh, piarmheasúnú ar an measúnacht sin. Bhí an measúnacht tionchair teanga bunaithe (a) ar scrúdú ar dhoiciméid ghaolmhara na staidéar timpeallachta agus tionscadail, (b) ar mhachnamh ar reachtaíocht náisiúnta agus doiciméid beartais agus Pleananna Forbartha Chontae na Gaillimhe, Chathair na Gaillimhe agus na Gaeltachta agus ar phleananna ceantair áitiúil (PCAnna), (c) ar athbhreithniú ar aighneachtaí ábhartha a rinneadh i rith chéim an chomhairliúcháin phoiblí, (d) ar chomhairliúchán le hÚdarás na Gaeltachta agus (e) ar mhachnamh ar thaithí chás-oibre roimhe sin.

# 3 Príomhcheisteanna maidir leis an nGaeilge

## 3.1 Achoimre Fheidhmeach

3.1.1 Glactar leis gur léadh Caibidil 18 den TMTT ina hiomláine agus ní dhéantar aithris uirthi anseo. Chun cabhrú leis an mBord a mhachnamh a dhéanamh ar na hiarratais seo i gcomhair Ceada agus ar mhaithe le háisiúlacht na rannpháirtithe go léir ag an éisteacht seo agus chun comhthéacs a leagan amach do fhreagairt ar na hagóidí agus ar na haighneachtaí, tugtar achoimre ghairid thíos ar na príomh-mhíreanna a bhaineann le measúnacht tionchair teanga Gaeilge an N6 GCRR atá beartaithe agus a mhionsonraítear i gCaibidil 18 den TMTT.

3.1.2 Is í Gaeltacht na Gaillimhe an ceantar is mó daonra de cheantair Ghaeltachta na tíre. Síneann sí beagnach 100km ó Bhaile Chláir, soir ó Chathair na Gaillimhe go Cloch na Rón ina Iarthar Chonamara.

3.1.3 Trasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe na Toghranna seo a leanas:

- Bearna (cuid) (Contae na Gaillimhe)
- Bearna (Cathair na Gaillimhe)

- Rathún
- An Daingean (Cathair na Gaillimhe)
- Gaillimh (Tuath) (Páirt-Tuaithe
- Mionlach
- An Caisleán Gearr
- Baile an Teampaill (Páirt-Tuaithe)
- Baile an Bhriotaigh (Páirt-Tuaithe)
- An Baile Bán

3.1.4 Astu sin, níl toghranna Rathúin, an Daingin, na Gaillimhe (Tuath) (Páirt-Tuaithe) ná an Bhaile Bháin laistigh de dhúiche Gaeltachta, ach tá iarthar Bhaile an Teampaill laistigh den Ghaeltacht. Tá an fhorbairt bóthair atá beartaithe ag síneadh trí cheantar Ghaeltacht na Gaillimhe ag a bhfuil teorainn le Cathair na Gaillimhe agus atá thart timpeall uirthi. Ó na 1980idí i leith, tá fás daonra agus síneadh uirbeach tapa tarlaithe sa cheantar seo. Go suntasach, ní ó dhúchas Gaeltachta iad formhór an daonra agus tá an Ghaeilge mar theanga "an teaghlaigh" ag dul i léig go leanúnach.

3.1.5 Rinneadh athbhreithniú ar shonraí daonáirimh 2011 agus 2016 maidir le húsáid laethúil na Gaeilge chun faisnéis a fháil don phróiseas measúnachta. Sainmhínítear úsáid laethúil mar an líon daoine (a) a labhraíonn an Ghaeilge sa chóras oideachais agus lasmuigh de go laethúil agus (b) a labhraíonn an Ghaeilge lasmuigh den chóras oideachais go laethúil. Léiríonn na sonraí atá ar fáil go n-athraíonn úsáid laethúil na Gaeilge (lasmuigh den chóras oideachais) laistigh den limistéir staidéir ó bheagán níos lú ná 2% go níos lú ná 8% (ach taifeadadh an céatadán is airde laistigh den Toghroinn is lú daonra: Toghroinn na Gaillimhe (Tuath)). Cé gur teanga phobail í an Ghaeilge laistigh den limistéar staidéir, is fíor a rá nach teanga cheannasach ná shuntasach í.

3.1.6 Cinnteoidh an tÚdarás Áitiúil go gcuirtear gach fógra poiblí agus an nuacht is déanaí maidir le gach tionscadal poiblí ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla i rith na tógála.

3.1.7 Cé go bhfuiltear ag súil go mbeidh an chumarsáid ó lá go lá a bhainfidh leis an tionscadal i mBéarla, beidh sé de chumas ag an bPríomhchonraitheoir cumarsáid agus comhfhreagras a dhéanamh trí mheán na Gaeilge agus acmhainní foirne dóthanacha agus comhréireacha a thabhairt chun déileáil le haon duine ar mian leis comhfhreagras agus cumarsáid a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

3.1.8 Luafar logainmneacha de réir an Ordaithe Logainmneacha iomchuí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

3.1.9 Táthar ag súil go mbeidh tionchar iarmharach measartha dearfach ag an bhforbairt atá beartaithe ar stádas na Gaeilge mar theanga phobail laistigh de limistéar Ghaeltacht na Gaillimhe.

# 4 Freagairtí ar Aighneachtaí/Agóidí

4.1 As an 296 aighneacht agus agóid a seoladh chuig an mBord Pleanála maidir leis an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT), Ráiteas Tionchair Natura, Scéim Mhótarbhealaigh agus Scéim Bóthair Chosanta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (GCRR), áirítear in dhá cheann acu breathnuithe a rinneadh a bhain leis an nGaeilge. Tá tuairimí a bhaineann leis an nGaeilge san áireamh i gceann de na 17 gcinn d'aighneachtaí agus agóidí freisin a rinneadh leis an mBord Pleanála i ndáil le hIarratas ar Fhaisnéis Bhreise a cuireadh isteach an 30 Lúnasa 2019. Is iad seo a leanas na míreanna a tarraingíodh anuas sna haighneachtaí sin:

- Éileamh gur baineadh mí-úsáid as staitisticí na Príomh-Oifige Staidrimh chun úsáid na Gaeilge a léiriú sa mheasúnacht
- Aighneachtaí dearfacha a dúirt go gcabhródh an fhorbairt bóthair atá beartaithe chun an Ghaeilge a chothú

## 4.1 Úsáid Staitisticí na Príomh-Oifige Staidrimh

### Ceist

4.1.1 In aighneacht/agóid amháin, Ob_610, cuireadh imní in iúl gur baineadh mí-úsáid as staitisticí na Príomh-Oifige Staidrimh sa Mheasúnacht Tionchair Teanga don Ghaeilge toisc gur áiríodh limistéir an-uirbeach sna Toghranna "*sa chuid ó dheas de na sonraí toghranna a cuireadh i láthair*".

### Freagra

4.1.2 Úsáideadh sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh i gceart chun faisnéis a fháil don mheasúnacht maidir leis na tionchair ionchasacha don Ghaeilge agus chun tuiscint a fháil ar úsáid laethúil na teanga sa limistéar staidéir. Is iad na Toghranna na limistéir riaracháin is lú atá sainithe le dlí sa stát a ndéanann an Daonáireamh Staidreamh Daonra i gCeantair Bheaga foilseachán orthu, agus dá réir sin is iad na sonraí a chuirtear i láthair ó na Toghranna sin na sonraí is cruinne atá ar fáil agus ní dhearnadh aon ionramháil orthu.

## 4.2 Tairbhí na forbartha bóthair atá beartaithe maidir leis an nGaeilge a chothú

### Ceist

4.2.1 In dhá aighneacht a rinne Údarás na Gaeltachta, S_073.1 agus S_073.2, léiríodh go raibh siad i bhfabhar fhorbairt an N6 GCRR timpeall ar Chathair na Gaillimhe toisc "go dtabharfaidh sé rochtain níos éifeachtúla ar cheantar na Gaeltachta agus ar cheantar Chonamara siar ón gcathair". Dúirt Údarás na Gaeltachta go mbeadh "tionchar thar a bheith tairbheach" ag an mbóthar nua maidir le tionscail nua a mhealladh chuig an nGaeltacht agus chuig ceantar Chonamara ag spreagadh síneadh ar an ngnó atá ann cheana, agus go dtacódh sé le gnóthais atá ann cheana rochtain níos éifeachtúla a fháil ar a margaí agus a bpearsanra. Dá réir sin, bheadh Gaeilgeoirí a chónaíonn i gConamara faoi láthair in ann leanúint ar aghaidh amhlaidh agus chothófaí an Ghaeilge sa cheantar sin.

### Freagra

4.2.2 Déanaim trácht ar aighneachtaí Údarás na Gaeltachta agus aontaím lena dtuairim go dtacódh an fhorbairt bóthair atá beartaithe le bearta chun gníomhaíocht eacnamaíoch i nGaeltacht na Gaillimhe a chur chun cinn, a thacú agus a shíneadh.

# 5 Conclúid

5.1 Luaitear gur beag Gaeilge a labhraítear go laethúil i measc dhaonra an limistéir a mbeidh tionchar díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe orthu, agus i gcás go bhfuil sí á labhairt, tá an úsáid a bhaintear aisti dírithe ar chomhthéacs oideachais den chuid is mó. Cé go bhfuil an daonra ag dul i méid; níl úsáid na Gaeilge ag dul i méid ag an am céanna. Ní bheidh aon tionchar suntasach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar úsáid na Gaeilge sa todhchaí. Mar sin féin, is fiú a rá go bhféadfadh líonra bóthair feabhsaithe breis imirce agus fás geilleagrach a éascú isteach i nGaeltacht na Gaillimhe i gcoitinne agus toisc go bhfuil leibhéil arda dífhostaíochta in iarthar Chontae na Gaillimhe le hais mar atá sna limistéir timpeall ar Chathair na Gaillimhe, éascóidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe, trí rochtain ar dheiseanna fostaíochta a fheabhsú soir ón gcathair, cainteoirí Gaeilge chun bheith ag taisteal chun oibre óna bpobail féin agus ní bheidh an oiread gá athlonnú ar chúiseanna eacnamaíocha. Ar an gcaoi chéanna, fágfaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe go mbeidh na limistéir Ghaeltachta siar ó Chathair na Gaillimhe níos tarraingtí i gcomhair forbairt chónaithe agus tráchtála mar thoradh ar líonra bóthair a bheidh i bhfad níos fearr. Sa chomhthéacs sin, is faoi Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Údarás na Gaeltachta i measc dreamanna eile a bheidh sé a chinntiú go gcuirtear úsáid na Gaeilge chun cinn agus go spreagtar í i measc áitritheoirí nua.

5.2 Rinneadh athbhreithniú ar na ceisteanna agus ar na tuairimí sna haighneachtaí agus sna hagóidí maidir le tionchair ionchasacha ar an nGaeilge, agus tar éis dúinn machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna agus tuairimí sin, tá conclúidí an mheasúnaithe tionchair don Ghaeilge a leagtar amach sa TMTT fós mar atá: go mbeidh Tionchar Measartha Dearfach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar stádas na Gaeilge mar theanga phobail laistigh de cheantar Gaeltachta na Gaillimhe.